Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 25

# Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 25, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais d'údaráis áitiúla, deontais agus speansais eile maidir le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais agus deontais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2014, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2013, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tabhairt suas a iarchur.

Tá barrachas €15.08 milliún dlite le tabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## An Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla***

Tugtar tuairisc ar Cheangaltais Chaipitil atá Infhorghníomhaithe le Dlí ag tairseach €12.697 milliún.

***Íocaíochtaí do Phobal***

Réamhíoctar cistí do Phobal maidir le seachadadh clár áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Gearradh an méid iomlán a íocadh do Phobal sa bhliain le hais na bhfo-cheannteideal ábhartha sa bhliain. (Féach Nóta 6.9).

***Sócmhainní caipitil***

Dímheastar sócmhainní caipitil de réir méid cothrom feadh a saoil fhónta mheasta, ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís. Déantar foirgnimh a dhímheas ag 5% in aghaidh na bliana agus ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar mótarfheithiclí a dhímheas ag 20% in aghaidh na bliana thar cúig bliana, déantar gléasra agus innealra a dhímheas ag 10% in aghaidh na bliana thar deich mbliana agus déantar trealamh radair a dhímheas thar 15 bliana.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht maidir le córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a aithint go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe maidir le tuairisciú ar gach leibhéal arna shannadh freagracht maidir le bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomhú ceartaitheach cuí a áirithiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe rialacháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- Go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air.
- Go ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Go n-oibrítear córas um bainistiú riosca sa Roinn.
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.
- Go bhfuil treoirlínte cuí ar rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuiltear ag díriú go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na treoirlínte ábhartha go léir á gcomhlíonadh.  Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás ceithre chonradh (os cionn €25,000) arb ionann a luach agus €0.303 milliún (gan CBL a áireamh) a bronnadh gan tairiscint iomaíoch ar chúiseanna eisceachtúla. Chuir an Roinn sonraí faoi na conarthaí eisceachtúla aonuaire seo ar fáil d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar chuid den tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairt cheadaithe i scríbhinn. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta curtha ar bun chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh a fhiosrú.

**John McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

26 Márta 2015

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Rialtacht an chaiteachais***

Dírím aird ar Nóta 6.8 an chuntais leithghabhála a nochtann mírialtachtaí ábhartha amhrasta maidir leis an tslí inar cuireadh maoiniú poiblí i bhfeidhm ag trí comhlachtaí áitiúla forbartha.

***Ag tuairisciú ar ghnóthaí a tháinig chun cinn ó iniúchadh***

Tagraíonn Caibidlí 10 agus 11 de mo thuarascáil maidir le cuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2014 do ghnóthaí áirithe eile a bhaineann le Vóta 25.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Meán Fómhair 2014

# Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | | |
| A | Tithíocht | | | | | |
| | | *Soláthar na bliana reatha* | 575,833 | | | |
| | | *Tabhairt suas a iarchur* | 22,000 | 597,833 | 594,593 | 588,868 |
| B | Seirbhísí uisce | | | 43,914 | 36,450 | 285,897 |
| C | An comhshaol agus bainistíocht dramhaíola | | | 34,675 | 33,184 | 36,027 |
| D | Rialtas Áitiúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 24,724 | | | |
| | | *Forlíontach* | 13,000 | 37,724 | 36,237 | 24,213 |
| M | Forbairt phobail agus tuaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 103,442 | | | |
| | | *Tabhairt suas a iarchur* | 50,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 38,000 | 191,442 | 181,640 | 178,086 |
| F | Pleanáil | | | 16,285 | 18,955 | 20,063 |
| G | Met Éireann | | | 18,350 | 15,061 | 15,513 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 817,223 | | | |
| | | *Tabhairt suas a iarchur* | 72,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 51,000 | | | |
| | | | | **940,223** | **916,120** | **1,148,667** |
| | *Asbhain* | | | | | |
| H | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 78,342 | | | |
| | | *Forlíontach* | 16,290 | | | |
| | | | | **94,632** | **85,607** | **95,369** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 738,881 | | | |
| | | *Tabhairt suas a iarchur* | 72,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 34,710 | | | |
| | | | | **845,591** | **830,513** | **1,053,298** |

**Barrachas le tabhairt suas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an méid arna chur i bhfeidhm dlite le tabhairt suas don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán aon leithreasaí neamhchaite, nó cuid díobh, le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 15,078,353 | 119,818,418 |
| Tabhairt suas a iarchur | — | (72,000,000) |
| Barrachas le tabhairt suas | 15,078,353 | 47,818,418 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 48,300 | 45,786 | 47,681 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,390 | 1,227 | 1,151 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,588 | 974 | 843 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,490 | 779 | 859 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 7,121 | 6,126 | 6,148 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | 1,199 | 512 | 526 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 140 | — | 49 |
| *viii* | *Uachtaránacht ar an AE* | — | — | *1,308* |
| | | 61,228 | 55,404 | 58,565 |

# Nótaí i leith an Chuntais Leithreasa

## 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 860,716 | 1,090,102 |
| Pá | | 45,786 | 48,251 |
| Neamhphá | | 9,618 | 10,314 |
| **Ollchaiteachas** | | **916,120** | **1,148,667** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **85,607** | **95,369** |
| **Glanchaiteachas** | | **830,513** | **1,053,298** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin (airgead) | (699) | | |
| Dímheas | 1,008 | | |
| | | 309 | 612 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | (295) | (137) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (3,362) | | |
| Méadú ar stoic | (69) | | |
| | | (3,431) | (2,359) |
| **Caiteachas díreach** | | **827,096** | **1,051,414** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 19,059 | 17,056 |
| Cíosanna barúlacha | | 3,016 | 2,561 |
| **Costas glan cláir** | | **849,171** | **1,071,031** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 25 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | | 12 | — |
| Aoisliúntas agus Liúntais Scoir Vóta 12 | | 17,542 | 15,708 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí Vóta 13 | m | 1,296 | 1,111 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 209 | 237 |
| | | 19,059 | 17,056 |

Léirítear le “m” gur luach measta nó costas cionroinnte atá san fhigiúr.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 3,649 | 3,691 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 432 | 146 |
| | | **4,081** | **3,837** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.4 | 596 | 77,123 |
| Stoic | 2.5 | 359 | 290 |
| Réamhíocaíochtaí | | 4,022 | 3,036 |
| Ioncam fabhraithe | | 4,117 | 1,123 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 1,804 | 833 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.8 | 312 | (74,709) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **11,210** | **7,696** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 7,482 | 6,638 |
| Ioncam iarchurtha | | 109 | 332 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 2,712 | 3,247 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **10,303** | **10,217** |
| **Glansócmhainní/glandliteanais reatha** | | **907** | **(2,521)** |
| **Glansócmhainní** | | **4,988** | **1,316** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **4,988** | **1,316** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 1,316 | (495) |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 845,591 | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (15,078) | | |
| Glanvóta | | | 830,513 | 1,053,298 |
| Caiteachas (airgead) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 19,059 | 17,056 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 3,016 | 2,561 |
| Coigeartuithe ar shócmhainní caipitil | 2.2 | | 255 | (73) |
| Costas glan cláir | 1 | | (849,171) | (1,071,031) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **4,988** | **1,316** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Gléasra, innealra agus mótarfheithiclí | Trealamh oifige agus IT | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2014 | 427 | 261 | 24,009 | 3,136 | 27,833 |
| Coigeartuithe[a] | — | — | (130) | 360 | 230 |
| Breiseanna | — | 20 | 677 | 14 | 711 |
| Diúscairtí | — | — | (47) | — | (47) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2014 | 427 | 281 | 24,509 | 3,510 | 28,727 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2014 | 24 | 191 | 21,186 | 2,741 | 24,142 |
| Coigeartuithe[a] | — | — | (130) | 105 | (25) |
| Dímheas don bhliain | — | 22 | 849 | 137 | 1,008 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (47) | — | (47) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2014 | 24 | 213 | 21,858 | 2,983 | 25,078 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014[b]** | **403** | **68** | **2,651** | **527** | **3,649** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **403** | **70** | **2,823** | **395** | **3,691** |

[a] D'fhonn an luacháil sócmhainní is cruinne a léiriú, bhí sé riachtanach coigeartuithe a dhéanamh ar chostas nó ar luacháil na n-ollsócmhainní amhail an 1 Eanáir 2014 agus ar an dímheas carntha amhail an 1 Eanáir 2014, lena n-áirítear na nithe seo a leanas: cuireadh troscán leis a chuir Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil do na hoifigí díláraithe ag Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman; baineadh bogearraí agus crua-earraí níos sine chun a ndiúscairt stairiúil fhisiciúil a léiriú, rud nach raibh próiseáilte ar an gclár sócmhainní; agus baineadh feistis áirithe nár cheart a bheith san áireamh ar an gclár.

[b] Cuireann an Roinn roinnt seirbhísí cóiríochta agus TFC ar fáil do Rannóg Oidhreachta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Na sócmhainní caipitil a cheannaigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil suas go dtí an 31 Nollaig 2012 agus a n-úsáidtear iad i soláthar na seirbhísí seo, tá siad taifeadta ar chlár sócmhainní na Roinne. Tá tús curtha le próiseas a bhaineann le haistriú féideartha na sócmhainní sin chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt**

| amhail an 31 Nollaig | €000 |
|---|---|
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2014 | 146 |
| Coigeartú na bliana roimhe | (9) |
| Íocaíochtaí airgid sa bhliain | 295 |
| Aistrithe chuig an gclár sócmhainní | — |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014 | 432 |

[a] Baineann an coigeartú seo le hathdháileadh íocaíochta airgid thirim ó 2013 go 2014.

| **2.4 Banc agus Airgead** amhail an 31 Nollaig | **2014** €000 | **2013** €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | (1,109) | 75,929 |
| Iarmhéid agus airgead tirim sa chuntas bainc tráchtála | 1,705 | 1,194 |
| | 596 | 77,123 |

| **2.5 Stoic** amhail an 31 Nollaig | **2014** €000 | **2013** €000 |
|---|---|---|
| Ábhair inchaite mheitéareolaíochta | 255 | 192 |
| Ábhar inchaite IT | 45 | 47 |
| Stáiseanóireacht | 42 | 33 |
| Ábhair ghlantacháin | 2 | 1 |
| Eile | 15 | 17 |
| | 359 | 290 |

| **2.6 Irmhéideanna Eile Dochair** amhail an 31 Nollaig | **2014** €000 | **2013** €000 |
|---|---|---|
| Costais tuarastail in-fhorchúitithe | 422 | 261 |
| Scéim pas taistil in-fhorchúitithe | 94 | 54 |
| Costais taistil in-fhorchúitithe | 81 | 128 |
| Óinchistí | 8 | 7 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 1,199 | 383 |
| | 1,804 | 833 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 793 | 844 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 284 | 252 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 274 | 275 |
| Cáin Bhreisluacha | 192 | 123 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 35 | 63 |
| | 1,578 | 1,557 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 284 | 300 |
| Míreanna eile creidmheasa fionraí | 850 | 1,390 |
| | 2,712 | 3,247 |

| **2.8 An glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le tabhairt suas | 15,078 | 47,818 |
| Tabhairt suas a iarchur | — | 72,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (15,390) | (45,109) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | (312) | 74,709 |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 596 | 77,123 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,804 | 833 |
| | 2,400 | 77,956 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,578) | (1,557) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (1,134) | (1,690) |
| | (2,712) | (3,247) |
| | | |
| | (312) | 74,709 |

| **2.9 Dliteanais Aibithe** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh amhail an 31 Nollaig | 2 | 5 |

| **2.10 Ceangaltais** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais dhomhanda** | | | |
| (i) | Fotheidil soláthair | — | 41 |
| (ii) | Fotheidil deontais | 431,084 | 657,769 |
| | | 431,084 | 657,810 |

**(B) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

(Tionscadail lena mbaineann costas €12,697,380 nó níos mó)

| | | | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| **1 Tionscadail na gClár Uisce Tuaithe (Uisce/ Séarachas)** | **Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2013** | **Caiteachas** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Iomláin tionscadail** | **Iomláin tionscadail** |
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Beart DBO na Gaillimhe, Uimh. 2 | 16,933 | 368 | 1,465 | 18,766 | 18,733 |

**Nóta:**

**Clár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce - ceangaltais chaipitil**

Rinneadh foráil san Acht um Sholáthar Uisce 2013 d’Uisce Éireann a bhunú mar fhochuideachta de chuid Bhord Gáis Éireann. Leis an Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013, aistríodh freagracht reachtúil as seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann agus rinneadh foráil d’údaráis áitiúla gníomhú mar ghníomhairí d’Uisce Éireann ón 1 Eanáir 2014. Ag eascairt as aistriú feidhmeanna na seirbhísí uisce go hUisce Éireann, cuireadh cúram na gceangaltas caipitil a maoiníodh roimhe seo ag an Roinn faoi Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce ar an comhlacht sin agus níl siad le maoiniú ó Vóta na Roinne ó 1 Eanáir 2014.

| | | | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| **2 Tionscadail Tithíochta** | **Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2013** | **Caiteachas** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Iomláin tionscadail** | **Iomláin tionscadail** |
| **Tionscadail Tógála** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Baile Uí Fhoirtcheirn, Céim B1, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 25,012 | 5,807 | — | 30,819 | 25,012 |
| Sráid an Phiarsaigh, an Naigín, Co. Átha Cliath | 15,290 | 1,134 | 53 | 16,477 | 15,290 |
| Iomlán | 40,302 | 6,941 | 53 | 47,296 | 40,302 |

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2013 | Caiteachas | Blianta ina dhiaidh sin | Iomláin tionscadail | Iomláin tionscadail |
| **Tionscadail Athbheochana** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| An Gleann, Céim 2, Cathair Chorcaí | 12,526 | 250 | 56 | 12,832 | 12,832 |
| Áras na Saoirse, Cathair Bhaile Átha Cliath | 7,956 | 5,275 | 338 | 13,569 | 13,240 |
| Athbheochan Árasáin Bhaile Munna | 755,398 | 5,888 | 4,112 | 765,398 | 765,398 |
| Eastát Mhichíl, Cathair Bhaile Átha Cliath | 15,704 | 3,005 | 824 | 19,533 | 18,148 |
| Iomlán | 791,584 | 14,418 | 5,330 | 811,332 | 809,618 |

| **Tithíocht Dheonach** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
|---|---|---|---|---|---|
| Respond, Achadh an Tobair, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 22,681 | — | 1,018 | 23,699 | 22,681 |
| An Cumann Caitliceach um Chúnamh Tithíochta, Áras an Athar Uí Scolaidhe, Sráid Grenville, Baile Átha Cliath 1 | 11,530 | 4,858 | 555 | 16,943 | 16,725 |
| Iomlán | 34,211 | 4,858 | 1,573 | 40,642 | 39,406 |

**Athruithe suntasacha bliain i ndiaidh bliana**

Tugtar maoiniú thíos i gcás inar tháinig méadú os cionn €500,000 idir 2013 agus 2014 ar cheangaltais ilbhliantúla.

| Tionscadal | Méadú iomlán ar an gcostas in 2014 €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Baile Uí Fhoirtcheirn, Céim B1, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 5,807 | Tharla an méadú mar gheall ar bhuiséad athbhreithnithe tar éis socrú achrainn chonartha. |
| Sráid an Phiarsaigh, an Naigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 1,187 | Tháinig an méadú chun cinn de bharr buiséad leasaithe tar éis athruithe ar an gconradh agus éileamh díospóide moillithe. |
| Eastát Mhichíl, Cathair Bhaile Átha Cliath | 1,385 | Tháinig an méadú chun cinn mar leasaíodh in airde an costas buiséid nuair a thángthas ar chomhaontú aonaid a bhí pleanáilte mar aonaid inacmhainne i dtosach a chuimsiú mar aonaid shóisialta. |
| Respond, Achadh an Tobair, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 1,018 | Tháinig méadú ar an méid deiridh a cuireadh isteach de bharr athruithe ar an gconradh tosaigh agus de bharr táillí gairmiúla breise a bhaineann le seachadadh an tionscadail. |

**2.11 Feabhsúchán Talún**

Caitheadh méid iomlán de €39.552 milliún go carnach ón Vóta agus ón gCiste Comhshaoil araon go dtí an 31 Nollaig 2014 ar fheabhsúchán 15 láithreán líonta talún i gcás ina raibh súil le costais bhreise ag an dáta sin. Cuimsíodh leis sin €30.530 milliún ón Vóta agus €9.022 milliún ón gCiste Comhshaoil. Meastar go gcaithfear €7.102 milliún amach anseo ar fheabhsúchán 13 cinn de na láithreáin sin.

Ina theannta sin, beidh riachtanas suntasach maoinithe le sonrú i dtaca leis an dá láithreán atá fágtha (Baile Chairdif, Contae Chill Dara agus Cill Chonaill, Contae na Gaillimhe).

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **A** | **Tithíocht** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | 8,773 | 7,728 | | 7,496 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,774 | 1,470 | | 1,437 |
| A.3 | Tithíocht údaráis áitiúil | | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 260,500 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 15,000 | 275,500 | 257,288 | | 241,582 |
| A.4 | Tithíocht dheonach agus comharthithíocht | | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 95,925 | | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 7,000 | 102,925 | 101,201 | | 112,885 |
| A.5 | Cuimsiú sóisialta | | 52,260 | 57,414 | | 53,359 |
| A.6 | Athbheochan eastát - feabhsuithe tithíochta sóisialta | | 109,400 | 120,944 | | 122,052 |
| A.7 | Deontais tithíochta príobháidí | | 38,600 | 37,076 | | 38,297 |
| A.8 | Fóirdheontais agus liúntais | | 5,899 | 5,611 | | 5,993 |
| A.9 | Seirbhísí eile | | 2,702 | 5,861 | | 5,767 |
| | | | 597,833 | 594,593 | | 588,868 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €3.24 milliún ní b'ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tithíocht údaráis áitiúil | 18,212 | Tháinig coigilteas chun cinn go príomha mar thoradh ar athaicmiú caiteachais i ndáil le húsáid tháirgiúil a bhaint as maoine folmha in athuair faoi A.6 (Athbheochan eastát - feabhsuithe tithíochta sóisialta). Tháinig coigilteas breise chun cinn faoi léasú fadtéarmach agus faoin scéim um chóiríocht ar cíos. |
| Cuimsiú sóisialta | (5,154) | Tháinig caiteachas breise chun cinn mar gheall ar an líon ardaithe éileamh ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean agus mar gheall ar chostais tacaíochta bhreise maidir le seirbhísí cóiríochta don lucht siúil. |
| Athbheochan eastát - feabhsuithe tithíochta sóisialta | (11,544) | Bhí an caiteachas ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis i gcás tionscadail athnuachana áirithe. Mar sin féin, rinneadh an caiteachas a bhain le húsáid tháirgiúil a bhaint as maoine folmha in athuair a athaicmiú ó A.3 (Tithíocht údaráis áitiúil), rud ba chúis le caiteachas méadaithe. Caiteachas neodrach don Státchiste a bhí sa chaiteachas méadaithe sin toisc gur tháinig coigilteas comhfhreagrach chun cinn in A.3. |
| Seirbhísí eile | (3,159) | Cuireadh an Scéim Feabhsúcháin maidir le Pirít ar bun agus buiséad ainmniúil €1,000 leis go dtí gur cuireadh an Bord Réitigh um Pirít ar bun go luath in 2014. Tabhaíodh caiteachas €2.2 milliún in 2014 faoin scéim sin. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Seirbhísí Uisce** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 5,582 | 5,097 | 5,805 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 1,078 | 929 | 965 |
| B.3 | Clár infheistíochta seirbhísí uisce | 6,007 | 13,947 | 241,477 |
| B.4 | Clár uisce tuaithe | 27,713 | 16,005 | 33,880 |
| B.5 | Imeall trá | 3,500 | 472 | 1,122 |
| B.6 | Seirbhísí eile | 34 | — | 2,648 |
| | | 43,914 | 36,450 | 285,897 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €7.46 milliún ní b'ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur Síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Clár infheistíochta seirbhísí uisce | (7,940) | An caiteachas a bhain le prótacail oscailte bóithre a thabhaigh údaráis áitiúla i ndáil le clár méadraithe Uisce Éireann, rinneadh é a athaicmiú ó B.4 (Clár uisce tuaithe) rud ba chúis le caiteachas méadaithe. Caiteachas neodrach don Státchiste a bhí sa chaiteachas méadaithe toisc gur tháinig coigilteas comhfhreagrach chun cinn in B.4. |
| Clár uisce tuaithe | 11,708 | Tháinig an coigilteas chun cinn go príomha de bharr athaicmiú an chaiteachais a bhain le prótacail oscailte bóithre a thabhaigh údaráis áitiúla i ndáil le clár méadraithe Uisce Éireann faoi B.3 (Clár infheistíochta seirbhísí uisce). Tháinig coigilteas breise chun cinn mar níor tháinig na héilimh a rabhthas ag súil leo ó údaráis áitiúla i leith grúpscéimeanna uisce agus grúpscéimeanna séarachais. |
| Imeall trá | 3,028 | Bhí an caiteachas i leith costais dlí, luachálacha agus teagmhas ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **An Comhshaol agus Bainistíocht Dramhaíola** | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | 6,088 | 5,736 | 7,254 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 1,692 | 1,609 | 2,257 |
| C.3 | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 15,948 | 15,738 | 15,325 |
| C.4 | Beartas Comhshaoil Radaíochta | 2,400 | 2,398 | 2,206 |
| C.5 | An Ciste Carbóin | — | — | 371 |
| C.6 | Ceangaltais idirnáisiúnta ar athrú aeráide | — | — | — |
| C.7 | Leigheas líonadh talún | 8,500 | 7,673 | 8,598 |
| C.8 | Seirbhísí eile | 47 | 30 | 16 |
| | | 34,675 | 33,184 | 36,027 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €1.49 milliún ní b'ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur Síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Leigheas líonadh talún | 827 | Tháinig an coigilteas chun cinn toisc nach ndearnadh an dul chun cinn lena rabhthas ag súil leis ar thionscadail feabhsúcháin i gcás trí láithreán líonta talún. |

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **D** | **Rialtas Áitiúil** | | | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | | | 8,986 | 7,995 | 8,184 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | | | 1,840 | 1,681 | 1,659 |
| D.3 | An Ciste Rialtais Áitiúil | | | 1 | — | — |
| D.4 | Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | | | 8,792 | 7,460 | 5,644 |
| D.5 | Seirbhís leabharlainne agus cartlainne an Údaráis Áitiúil | | | 2,200 | 2,199 | 4,689 |
| D.6 | Toghchóras | | | 300 | 235 | 258 |
| D.7 | Seirbhísí eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,605 | | | |
| | | *Forlíontach* | 13,000 | 15,605 | 16,667 | 3,779 |
| | | | | 37,724 | 36,237 | 24,213 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár D €1.49 milliún ní b’ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 1,332 | Tháinig an coigilteas chun cinn mar thoradh ar raon feidhme fairsingithe thionscadal CAMP II, rud ba chúis le cur amach ar thairiscintí ní ba dhéanaí agus caiteachas ní b’ísle. |
| Seirbhísí eile | (1,062) | D’eascair caiteachas breise go príomha mar gheall ar chostais eisceachtúla a iompraíodh ag na húdaráis áitiúla i dtaca le hinfrastruchtúr turasóireachta, céanna agus cuain áirithe chomh maith le háiseanna eile tar éis damáiste ó stoirmeacha go luath i 2014. Soláthraíodh meastachán forlíontach de €13 milliún le híoc as caiteachas faoin bhfo-cheannteideal. Ba é luach iomlán an chaiteachais a bhain le damáiste ó stoirmeacha sa bhliain ná €13.85 milliún. |

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **M** | **Forbairt Phobail agus Tuaithe** | | | | |
| E.1 | Riarachán - pá | | 4,780 | 6,088 | 5,899 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | | 608 | 668 | 678 |
| E.3 | Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 10,875 | 10,184 | 10,664 |
| E.4 | Cláir forbartha áitiúla agus pobail (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 47,707 | 47,971 | 47,657 |
| E.5 | RAPID | | 1,900 | 170 | 263 |
| E.6 | Bearta na gCuntas Díomhaoin | | 5,456 | 2,342 | 1,243 |
| E.7 | Coimisiún Forbartha an Iarthair | | 1,521 | 1,413 | 1,312 |
| E.8 | Scéimeanna náisiúnta forbartha tuaithe | | 3,783 | 5,182 | 3,793 |
| E.9 | LEADAR – fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | | | | |
| | *Bunaidh* | 1 | | | |
| | *Tabhairt suas a iarchur* | 50,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 38,000 | 88,001 | 92,358 | 82,689 |
| E.10 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | | 23,796 | 12,445 | 20,845 |
| E.11 | Clár INTERREG | | 2,293 | 2,149 | 2,500 |
| E.12 | Comórtas na mBailte Slachtmhara (nóta 6.6) | | 1 | 1 | 1 |
| E.13 | Sábháilteacht Uisce na hÉireann | | 657 | 657 | 507 |
| E.14 | Seirbhísí eile | | 64 | 12 | 35 |
| | | | 191,442 | 181,640 | 178,086 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár E €9.8 milliún ní b'ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | (1,308) | Rinneadh an leithdháileadh buiséid don chlár seo a mheas faoina chumas mar gheall ar athruithe riaracháin don Rannán Forbartha Pobail agus Tuaithe. Déantar é sin a fhritháireamh le coigilteas sa phá thar réimsí cláir eile. Ar an iomlán, rinneadh coigilteas €2.514 milliún sa phá ar fud na Roinne. |
| Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach | 691 | Tháinig coigilteas €1 mhilliún chun cinn mar gheall ar an moill a bhain le socruithe a dhéanamh chun Ciste Iomarcaíochta don Earnáil Phobail a chur i bhfeidhm. Bhí méadú ar chistiú idirlinne faoin Scéim chun Tacú le hEagraíochtaí Náisiúnta. |
| RAPID | 1,730 | Bhí coigilteas ann de bharr go raibh caiteachas comhlachtaí poiblí eile le cómhaoiniú faoin scéim ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |

| **Cur Síos** | **Níos lú/ (níos mó) ná a foráladh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Bearta na gCuntas Díomhaoin | 3,114 | Bhí coigilteas ann de bharr go raibh tarraingt anuas cistiúcháin ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis i gcás dhá thionscadal. Bhí coigilteas breise ann mar gheall ar mhoill maidir leis an Tionscnamh Tairsí a chur i bhfeidhm. |
| Coimisiún Forbartha an Iarthair | 108 | Tháinig an coigilteas chun cinn mar gheall ar fholúntais foirne nár líonadh agus ar chostais a bhain le pinsin a bhí ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| Scéimeanna náisiúnta forbartha tuaithe | (1,399) | Ba mhó an caiteachas ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar éileamh méadaithe ar an scéim bonneagair áineasa tuaithe. |
| LEADAR – Fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | (4,357) | Cuireadh dlús faoin gcaiteachas in 2014 chun leas an chláir don Stát a mhéadú a mhéid agus ab fhéidir agus ionas go mbeifear in ann tús a chur le clabhsúr foirmiúil an chláir a luaithe is féidir in 2015. |
| An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 11,351 | Tháinig coigilteas chun cinn mar gheall nach ndearnadh an dul chun cinn a rabhthas ag súil leis i gcás roinnt tionscadal ar scála mór faoin mbeart Comhshaoil. Bhí coigilteas breise ann mar gheall nár tháinig caiteachas breise, lena rabhthas ag súil, chun cinn ar thionscadail. Bhí sé beartaithe cistiú a aistríodh chuig an scéim a úsáid chun leas na dtionscadal sin. Tháinig coigilteas breise chun cinn mar gheall ar éilimh dheiridh a bhí ní b’ísle ná mar a bhíothas ag súil leo i gcás tionscadal faoin mbeart Pobail. |
| Clár INTERREG | 144 | Tháinig an coigilteas chun cinn mar gheall ar éilimh dheiridh a bhí ní b’ísle ná mar a bhíothas ag súil leo i gcás tionscadal faoin mbeart Comhshaoil agus Pobail. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **F** | **Pleanáil** | | | |
| F.1 | Riarachán - pá | 1,591 | 1,257 | 1,318 |
| F.2 | Riarachán - neamhphá | 86 | 85 | 100 |
| F.3 | An Bord Pleanála | 12,500 | 12,250 | 11,793 |
| F.4 | An Binse Pleanála | 1,998 | 5,326 | 5,321 |
| F.5 | Seirbhísí eile | 110 | 37 | 1,531 |
| | | 16,285 | 18,955 | 20,063 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár F €2.67 milliún níos mó ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Binse Pleanála | (3,328) | Bhí maoiniú breise ag teastáil chun freastal ar chostais dlí tríú páirtí a tháinig as obair an Bhinse Pleanála. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **G** | **Met Éireann** | | | |
| G.1 | Riarachán - pá | 12,500 | 11,885 | 12,295 |
| G.2 | Riarachán - neamhphá | 5,850 | 3,176 | 3,218 |
| | | 18,350 | 15,061 | 15,513 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár G €3.29 milliún ní b'ísle ná mar a foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 2,674 | Tháinig an coigilteas chun cinn toisc nach ndearnadh an dul chun cinn lena rabhthas ag súil ar Nuachóiriú agus Uathoibriú Eitlíochta ná ar thionscadail eile. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gCabhair | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Táillí iníoctha ag údaráis áitiúla, srl., chun a gcuid cuntas a iniúchadh | | 2,400 | 2,169 | 2,437 |
| 2. | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh i leith áitreabh atá in úsáid i ndáil le hÁrachas Sóisialach [an tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005] | | 741 | 741 | 741 |
| 3. | Fáltais Met Éireann | | 9,300 | 9,507 | 9,580 |
| 4. | Fáltais Ilghnéitheacha | | 250 | 314 | 405 |
| 5. | Fáltais Imeall Trá | | 2,000 | 1,418 | 1,849 |
| 6. | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | | 15,395 | 9,669 | 11,248 |
| 7. | Cuntais Dhíomhaoine – riarachán | | 750 | 400 | 647 |
| 8. | Cuntais Dhíomhaoine – caiteachas cláir | | 4,706 | 1,942 | 596 |
| 9. | Leader – Fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | | | | |
| | *Bliain reatha* | 37,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 16,290 | 53,790 | 53,790 | 61,767 |
| 10. | Fáltais ó laghdú a bhaineann le pinsin ar luach saothair seirbhíse poiblí | | 5,300 | 5,657 | 6,099 |
| | **Iomlán** | | **94,632** | **85,607** | **95,369** |

**Athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal ina raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Táillí iníoctha ag údaráis áitiúla, srl., chun a gcuid cuntas a iniúchadh | 231 | Eisítear éilimh ar tháillí iniúchta ar bhonn leanúnach de réir mar a chuirtear iniúchtaí i gcrích. Bhí ioncam níb'ísle ná mar a bhíothas ag coinne leis mar gheall ar leibhéal an dul chun cinn i líon beag iniúchtaí agus mar gheall ar roinnt táillí iniúchta gan íoc ag 31 Nollaig 2014. |
| Fáltais Imeall Trá | 582 | Is deacair fáltais imeall trá a thuar go cruinn agus bhí siad ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leo. |
| An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 5,726 | Bhí fáltais ní b'ísle ná an méid a rabhthas ag súil leis ó chistí an AE le linn na bliana mar gheall ar an tionchar a bhí ag tosca éagsúla a chuaigh i bhfeidhm ar mhéid agus ar uainiú na n-íocaíochtaí. Áirítear i measc na dtosca sin luaineachtaí sa ráta malairte idir an euro agus an punt agus moilleanna a bhain le caiteachas deimhnithe iarbhír á chur isteach ag tionscadail. |
| Cuntais Dhíomhaoine – riarachán | 350 | Baineann an fáltas seo le gníomhaíocht riaracháin faoi E.6 (Bearta na gCuntas Díomhaoin). Bhí an ghníomhaíocht sin ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis in 2014. |

| Cur Síos | Níos lú/(níos mó) ná a foráladh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cuntais Dhíomhaoine – caiteachas cláir | 2,764 | Baineann an fáltas seo le cúiteamh ó Chiste na gCuntas Díomhaoin de chaiteachas cláir a tháinig chun cinn faoi E.6 (Bearta na gCuntas Díomhaoin). Bhí an caiteachas faoi E.6 ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis in 2014 de bharr go raibh tarraingt anuas cistiúcháin ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis i gcás dhá thionscadal. Bhí coigilteas breise ann mar gheall ar mhoill maidir leis an Tionscnamh Tairsí a chur i bhfeidhm. |
| Fáltais ó laghduithe a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | (357) | Tháinig an méadú chun cinn mar gheall ar dhéaduchtuithe pinsin a bhí ní ba mhó ná mar a bhíothas ag súil leo ó bhaill foirne sa Roinn agus sna gníomhaireachtaí Stáit faoina sainchúram. |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Scéim trádála astaíochtaí[a] | 39,597 | 43,437 |
| Ranníocaíochtaí pinsin an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha | 33 | 171 |
| Fuascailt tionscadal arna mhaoiniú faoin Scéim Dheonach Chúnaimh um Chaipiteal Tithíochta | 22 | 88 |
| Fáltais ó dhíol réadmhaoine | 21 | 110 |
| Tabhairt suas dheonach an phá | 4 | 16 |
| Aisíocaíocht an chaiteachais neamh-incháilithe faoin gclár Clár | — | 268 |
| Iarmhéid amuigh i gcuntas bainc dúnta | — | 74 |
| Ús ón gcuntas bainc arna úsáid le haghaidh ríomhíocaíochtaí | — | 19 |
| Aistriú chuig an Státchiste | (39,677) | (44,183) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

[a] Tar éis thús an tríú tréimhse trádála in 2013, déanfar an príomhbhealach chun liúntais charbóin a leithdháileadh faoi Scéim Trádála Astaíochtaí an AE de cheantáil de réir a chéile. Tá Éire, i gcomhar le ballstáit eile, rannpháirteach i saoráid láraithe ceantála an AE trína ndéantar na liúntais a cheantáil ar an margadh oscailte. Tar éis na gceantanna, déantar na fáltais a leithdháileadh i measc na mballstát i gceist. Ceapadh an GCC mar Cheantálaí Trádála Astuithe an AE ar son na hÉireann. Choimeád an GCC luach €1,130,628 d’fháltais astaithe i 2014 as na feidhmeanna rialála agus riaracháin seo a chur i gcrích don scéim de réir cheadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba é luach ollfháltais trádála astaithe 2014 ná €40,727,888 sular baineadh costais GCC as.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) | | | |
| | Roinn | 721 | 748 |
| | Gníomhaireachtaí | 678 | 696 |
| | | 1,399 | 1,444 |

Áirítear leis an líon foirne i ngníomhaireachtaí na Roinne ag deireadh na bliana roinnt gníomhaireachtaí neamh-thráchtála stáit nach bhfaigheann maoiniú go díreach ón Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 41,146 | 43,177 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 329 | 470 |
| Liúntais eile | 1,748 | 1,877 |
| Ragobair | 422 | 548 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,387 | 2,427 |
| **Pá iomlán** | **46,032** | **48,499** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre [a]**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht Aonair | Uasíocaíocht Aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2014** | **2013** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 94 | 7 | 17,602 | 18,706 |
| Liúntais eile | 238 | 76 | 20,867 | 21,682 |
| Ragobair | 98 | 12 | 20,285 | 20,094 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

[a] Baineann na sonraí pá, liúntais agus luacha saothair eile thuasluaite le foireann na Roinne a íocadh go díreach ón Vóta faoi chláir A go G. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le líon agus pá na bhfostaithe i gcás ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na tuarascálacha bliantúla iomchuí nó go díreach ó na gníomhaireachtaí atá i gceist.

**5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Athfhostaíodh cúigear státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ag costas €112,062 san iomlán Laghdaíodh a bpinsin i ngach cás.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón AE

Áirítear sa toradh a thaispeántar i bhfotheidil B.3, B.4, E.10 agus E.11 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Áirítear sa toradh a thaispeántar i bhfotheidil E.9 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. Ba mar seo a leanas a bhí meastacháin maidir le maoiniú agus torthaí an AE, bunaithe ar chaiteachas agus ar rátaí cómhaoiniúcháin:

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** |
| **Fotheideal** | **Cur Síos** | | | |
| B.3 | Clár infheistíochta seirbhísí uisce | — | — | 1,000 |
| B.4 | Clár uisce tuaithe | — | — | 207 |
| E.9 | LEADAR – fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | 74,800 | 78,504 | 70,286 |
| E.10 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 12,969 | 6,783 | 11,361 |
| E.11 | Clár INTERREG | 1,720 | 1,611 | 1,875 |
| | | 89,489 | 86,898 | 84,729 |

### 6.2 Coistí agus Coimisiúin

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach anuas go deireadh 2014 | 2014 Toradh | 2013 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Binse Fiosrúcháin ar Nithe agus Íocaíochtaí áirithe Pleanála | 1997 | 111,280 | 5,326 | 5,321 |

Beidh tuilleadh íocaíochtaí a bhaineann leis an mBinse Fiosrúcháin ar Nithe agus Íocaíochtaí áirithe Pleanála le híoc. Ní féidir costais deiridh a chinneadh go dtí go gcinnfear costais dlí tríú páirtí i leith na tréimhse ó 2002. B'ionann an caiteachas go deireadh na bliana 2014 agus €111 milliún. Ar bhonn meastachán binse agus ar bhonn caiteachais go deireadh na bliana 2014, d'fhéadfadh costais bhreise €48 milliún teacht aníos, a bhaineann go príomha le hionadaíocht dhlíthiúil tríú páirtí.

**6.3 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Fotheideal** | **Cur Síos** | | | |
| A.4 | Tithíocht dheonach agus comharthithíocht | 500 | 764 | 431 |
| A.7 | Deontais tithíochta príobháidí | 5,570 | 5,570 | 5,548 |
| E.3 | Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 6,003 | 6,029 | 5,960 |
| E.4 | Cláir forbartha áitiúla agus pobail (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 5,797 | 5,347 | 6,630 |
| | | 17,870 | 17,710 | 18,569 |

Tá sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.environ.ie

| **6.4 Costais Dlí** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tá costais dlí a íocadh le linn na bliana rangaithe mar seo a leanas: | | |
| Táillí dlí | — | — |
| Costais chúitimh | 310 | 7,812 |
| | 310 | 7,812 |

**6.5 Dliteanas Teagmhasach**

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá méid nó uainiú iarbhír na ndliteanas ionchasach neamhchinnte.

**6.6 Maoiniú do Bhailte Slachtmhara**

Sa bhreis ar airgead vótáilte (€1,000 - fo-mhírcheann E.12), rinneadh urraíocht €449,226 a riar agus a chaitheamh ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara trí chuntas fionraí vóta.

**6.7 Nithe a Díscríobhadh**

Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe €225,961 a dhíscríobh faoin gClár um Shíocháin agus Athmhuintearas, 2007-2013, agus ró-íocaíocht €7,937 a dhíscríobh faoin gClár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail.

**6.8 Mírialtachtaí Amhrasta**

D'eascair trí chás mírialtachtaí amhrasta i dtaca leis an tslí inar cuireadh maoiniú poiblí i bhfeidhm, ar luach iomlán €691,518. Tá i gceist leis na mírialtachtaí amhrasta ceisteanna le treoirlínte áirithe soláthair phoiblí agus ceisteanna le doiciméid áirithe tionscadail i dtaca le cur i bhfeidhm maoinithe dheontais faoi chlár LEADER ag trí chomhlacht áitiúla fhorbartha.

Tá an Roinn tar éis tabhairt faoi bhearta sonracha freagartha, a bhfuil san áireamh iontu fógra a thabhairt do na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag críochnú conartha do sheachadadh cláir, ag tabhairt isteach seiceálacha rialaithe breise agus ag déanamh gach iarracht réasúnta le cistí a aisghabháil sna cásanna seo.

I ngach cás fuarthas cabhair dheontais ón AE faoi chlár LEADER (85% den €691,518). Tá aisghabháil na méideanna seo á lorg go gníomhach ag an Roinn agus ag Coimisiún an AE faoi phróiseas réiteach féichiúnaithe an chláir.

**6.9 Íocaíochtaí do Phobal**

De réir pholasaí cuntasaíochta na Roinne, gearradh an méid iomlán a íocadh do Phobal sa bhliain (€45.414 milliún) do na fo-cheannteidil ábhartha faoi mar a leagtar amach thíos.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Fotheideal** | **Cur Síos** | | |
| E.3 | Tacaíochtaí don earnáil phobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 1,934 | 47 |
| E.4 | Cláir forbartha áitiúla agus pobail (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 42,520 | 41,390 |
| E.5 | RAPID | — | 4 |
| E.6 | Bearta na gCuntas Díomhaoin | 764 | 1,236 |
| E.9 | LEADAR – fochlár geilleagar tuaithe 2007-2013 | 196 | — |
| | | 45,414 | 42,677 |

Ag 31 Nollaig 2014, bhí iarmhéideanna fabhraithe ag Pobal ar luach iomlán €2.56 milliún i dtaca le cláir a sheachadann sé don Roinn (2013: €1.85 milliún).